



---

*Suí iomlánach*

---

**A8-0061/2019**

4.2.2019

**\*\*\*I**

# **TUARASCÁIL**

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le gnéithe áirithe de shábháilteacht eitlíochta maidir le tarraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ón Aontas (COM(2018)0894 – C8-0514/2018 – 2018/0434(COD))

An Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht

Rapóirtéir: Kosma Złotowski

(Nós imeachta simplithe – Rial 50(2) de na Rialacha Nós Imeachta)

### ***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

- \* An nós imeachta comhairliúcháin
- \*\*\* Nós imeachta an toilithe
- \*\*\*I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- \*\*\*II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- \*\*\*III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí atá beartaithe sa dréachtghníomh.)

### ***Leasuithe ar dhréachtghníomh***

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le **cló trom iodálach** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le **cló trom iodálach** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le **cló trom iodálach** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann an leasú le gníomh atá cheana ann agus go bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian leis an bParlaimint a leasú.

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le **cló trom iodálach**. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le **cló trom iodálach** agus tríd an téacs atá á ionadú a scríosadh nó líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus ar athruithe iad a rinne an roinn dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## ACHOIMRE

### Leathanach

DRÉACHT-RÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....	5
NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH .....	10



## DRÉACHT-RÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le gnéithe áirithe de shábháilteacht eitlíochta maidir le tarraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ón Aontas (COM(2018)0894 – C8-0514/2018 – 2018/0434(COD))

**(Gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle (COM(2018)0894),
  - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 100(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0514/2018),
  - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
  - ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an ...<sup>1</sup>,
  - ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún an ...<sup>2</sup>,
  - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
  - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A8-0061/2019),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;
  2. Á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
  3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

<sup>1</sup> [IO C 0, 0.0.0000, lch. 0. / Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil]

<sup>2</sup> [IO C 0, 0.0.0000, lch. 0. / Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil]

## Leasú 1

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 1 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Le cois na ndeimhnithe a liostaítear i mír 2, beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na modúil oiliúna **theoiriciúla** dá dtagraítear in Airteagal 5.

## Leasú 2

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Na deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(b) maidir le húsáid táirgí, comhphárteanna agus fearas, beidh siad bailí fós **chun gur féidir leanúint dá n-úsáid mar aerárthaí nó in aerárthaí.**

## Leasú 3

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 – teideal

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Modúil oiliúna theoiriciúla a aistriú

## Leasú 4

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

De mhaolú ar Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011<sup>1</sup> ón gCoimisiún agus Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014<sup>2</sup> ón gCoimisiún, cuirfidh údaráis inniúla na mBallstát nó an Ghníomhaireacht, de réir

*Leasú*

3. Le cois na ndeimhnithe a liostaítear i mír 2, beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na modúil oiliúna dá dtagraítear in Airteagal 5.

*Leasú*

Na deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(b) maidir le húsáid táirgí, comhphárteanna agus fearas, beidh siad bailí fós.

*Leasú*

Modúil oiliúna a aistriú

*Leasú*

De mhaolú ar Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011<sup>1</sup> ón gCoimisiún agus Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014<sup>2</sup> ón gCoimisiún, cuirfidh údaráis inniúla na mBallstát nó an Ghníomhaireacht, de réir

an cháis, san áireamh na scrúduithe a rinneadh in eagraíochtaí oiliúna faoi mhaoirseacht údarás inniúil na Ríochta Aontaithe roimh an dáta cur i bhfeidhm dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 10(2) an Rialacháin seo, mar a dhéanfaí iad le heagraíocht oiliúna faoi mhaoirseacht údarás inniúil Ballstáit.

---

<sup>1</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. IO L 311, 25.11.2011, lch. 1.

<sup>2</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2014 maidir le haeracmhainneacht leanúnach aerárthaí agus táirgí, comhphárteanna agus fearais aerloingseoireachta, agus maidir le formheas na n-eagraíochtaí agus an phearsanra a bhfuil baint acu leis na cúraimí sin. IO L 362, 17.12.2014, lch. 1.

## Leasú 5

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 6 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Ar iarraidh ón nGníomhaireacht, tabharfaidh sealbhóirí na ndeimhnithe dá dtagraítear in **Airteagal 3** agus **Airteagal 4**, tabharfaidh siad di cóipeanna de na tuarascálacha iniúchóireachta uile, de na torthaí iniúchóireachta uile agus de na pleananna beart ceartaitheach uile a bhaineann leis an deimhniú agus a eisíodh le trí bliana roimh an iarraidh. I gcás nár seachadadh na doiciméid sin roimh na sprioc-amanna a leag an Gníomhaireacht síos ina hiarraidh, féadfaidh an

an cháis, san áireamh na scrúduithe a rinneadh in eagraíochtaí oiliúna faoi mhaoirseacht údarás inniúil na Ríochta Aontaithe ***ach nach raibh eisiúint an cheadúnais mar thoradh air fós*** roimh an dáta cur i bhfeidhm dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 10(2) an Rialacháin seo, mar a dhéanfaí iad le heagraíocht oiliúna faoi mhaoirseacht údarás inniúil Ballstáit.

---

<sup>1</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. IO L 311, 25.11.2011, lch. 1.

<sup>2</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2014 maidir le haeracmhainneacht leanúnach aerárthaí agus táirgí, comhphárteanna agus fearais aerloingseoireachta, agus maidir le formheas na n-eagraíochtaí agus an phearsanra a bhfuil baint acu leis na cúraimí sin. IO L 362, 17.12.2014, lch. 1.

*Leasú*

2. Ar iarraidh ón nGníomhaireacht, tabharfaidh sealbhóirí na ndeimhnithe dá dtagraítear in **Airteagal 3** agus ***eisitheoirí na ndeimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 4***, tabharfaidh siad di cóipeanna de na tuarascálacha iniúchóireachta uile, de na torthaí iniúchóireachta uile agus de na pleananna beart ceartaitheach uile a bhaineann leis an deimhniú agus a eisíodh le trí bliana roimh an iarraidh. I gcás nár seachadadh na doiciméid sin roimh na sprioc-amanna a leag an Gníomhaireacht

Ghníomhaireacht an sochar a fuarthas de bhun Airteagal 3 nó Airteagal 4 a aistarraingt, de réir an cháis.

síos ina hiarraidh, féadfaidh an Ghníomhaireacht an sochar a fuarthas de bhun Airteagal 3 nó Airteagal 4 a aistarraingt, de réir an cháis.

## Leasú 6

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 6 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Cuirfidh sealbhóirí na ndeimhnithe dá dtagraítear in **Airteagal 3** nó **Airteagal 4** den Rialachán seo an Ghníomhaireacht ar an eolas gan mhoill faoi aon bheart a rinne údaráis na Ríochta Aontaithe ar féidir go mbeidh siad ag teacht salach ar a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo nó faoi Rialachán (AE) 2018/1139.

## Leasú 7

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Chun críocha an Rialacháin seo agus chun maoirseacht a dhéanamh ar na sealbhóirí deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo, gníomhóidh an Ghníomhaireacht i gcáil an údaráis inniúil dá bhforáiltear le haghaidh eintitis tríú tír faoi Rialachán (AE) 2018/1139 agus faoi na gníomhartha cur chun feidhme agus na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh dá bhua nó de bhua Rialachán (AE) Uimh. 216/2008.

*Leasú*

3. Cuirfidh sealbhóirí na ndeimhnithe dá dtagraítear in **Airteagal 3** nó **eisitheoirí na ndeimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 4** den Rialachán seo an Ghníomhaireacht ar an eolas gan mhoill faoi aon bheart a rinne údaráis na Ríochta Aontaithe ar féidir go mbeidh siad ag teacht salach ar a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo nó faoi Rialachán (AE) 2018/1139.

*Leasú*

Chun críocha an Rialacháin seo agus chun maoirseacht a dhéanamh ar na sealbhóirí **nó eisitheoirí** deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo, gníomhóidh an Ghníomhaireacht i gcáil an údaráis inniúil dá bhforáiltear le haghaidh eintitis tríú tír faoi Rialachán (AE) 2018/1139 agus faoi na gníomhartha cur chun feidhme agus na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh dá bhua nó de bhua Rialachán (AE) Uimh. 216/2008.



## Leasú 8

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 8 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Rialachán (AE) Uimh. 319/2014<sup>1</sup> maidir le táillí agus muirir a thoibhíonn an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta, beidh feidhm aige maidir le daoine nádúrtha nó dlítheanacha a mbeidh deimhnithe ina seilbh acu dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo faoi na coinníollacha céanna a bhaineann le sealbhóirí deimhnithe comhfhreagracha arna n-eisiúint do dhaoine dlítheanacha agus daoine nádúrtha as tríú tír.

---

<sup>1</sup> Rialachán (AE) Uimh. 319/2014 an 27 Márta 2014 maidir le táillí agus muirir a thoibhíonn an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 593/2007. IO L95, 28.3.2014, lch. 58

## Leasú 9

### Togra le haghaidh rialacháin Iarscríbhinn – Roinn 2 – pointe 2.6 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Rialachán (AE) Uimh. 319/2014<sup>1</sup> maidir le táillí agus muirir a thoibhíonn an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta, beidh feidhm aige maidir le daoine nádúrtha nó dlítheanacha a mbeidh deimhnithe ina seilbh nó *á eisiúint* acu dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo faoi na coinníollacha céanna a bhaineann le sealbhóirí deimhnithe comhfhreagracha arna n-eisiúint do dhaoine dlítheanacha agus daoine nádúrtha as tríú tír.

---

<sup>1</sup> Rialachán (AE) Uimh. 319/2014 an 27 Márta 2014 maidir le táillí agus muirir a thoibhíonn an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 593/2007. IO L95, 28.3.2014, lch. 58

**2.6 a Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014, Cuid-M, Fochuid H, Pointí M.A.801(b) 2, 3 agus (c) (Deimhnithe um scaoileadh chun seirbhíse maidir le críochnú cothabhála).**

## NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

<b>Teideal</b>	Sábháilteacht eitlíochta ó thaobh tharraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas
<b>Tagairtí</b>	COM(2018)0894 – C8-0514/2018 – 2018/0434(COD)
<b>Dáta tíolactha chun PE</b>	20.12.2018
<b>An Coiste freagrach</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	TRAN 14.1.2019
<b>Rapóirtéirí</b> Dáta an cheapacháin	Kosma Złotowski 10.1.2019
<b>Nós imeachta simplithe - dáta an chinnidh</b>	10.1.2019
<b>Pléite sa choiste</b>	22.1.2019
<b>Dáta an ghilactha</b>	22.1.2019
<b>Dáta don chur síos</b>	4.2.2019